Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2019**
**(OR. en)**

**6338/19**

**COHOM 21**
**CFSP/PESC 120**
**CONUN 14**
**DEVGEN 26**
**FREMP 20**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6149/19 COHOM 17 COPS 29 CFSP/PESC 94 FREMP 18 CONUN 6 DEVGEN 21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil leis an Neamh-Idirdhealú sa Ghníomhaíocht Sheachtrach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil leis an Neamh-Idirdhealú sa Ghníomhaíocht Sheachtrach a ghlac an Chomhairle ag an 3681ú cruinniú a bhí aici ar an 18 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle i dtaca le Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil leis an Neamh-Idirdhealú sa Ghníomhaíocht Sheachtrach**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tiomantas an Aontais Eorpaigh do chuspóirí agus do phrionsabail i dtaca le Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine a bhfuil feidhm aige maidir le gach duine gan idirdhealú d'aon chineál.

2. Meabhraítear don Chomhairle gur sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bhunaítear go mbeidh gníomhaíocht idirnáisiúnta an Aontais bunaithe ar na prionsabail a spreag cruthú, forbairt agus méadú an Aontais, prionsabail a bhféachann sé lena gcur ar aghaidh sa domhan mór: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na mbunsaoirsí, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

3. Meabhraítear don Chomhairle freisin go dtoirmeasctar i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh.

4. D'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe ar aon fhoras agus infheictheacht agus feasacht ar luachanna agus gníomhaíocht an Aontais i gcoinne an idirdhealaithe ina ghníomhaíocht sheachtrach, formheasann an Chomhairle Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine i ndáil leis an Neamh-Idirdhealú sa Ghníomhaíocht Sheachtrach.

5. Déanann na Treoirlínte i ndáil leis an Neamh-Idirdhealú beart de réir a mbriathar i dtaca le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, comhlánaíonn agus neartaíonn na treoirlínte sin gach treoirlíne eile de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus tacaíonn siad le cur chuige an Aontais bunaithe ar chearta an duine maidir le comhar um fhorbairt lena gcuimseofar cearta uile an duine.

6. Scaipfear go forleathan na Treoirlínte i ndáil leis an Neamh-idirdhealú agus áiritheofar go mbeidh rochtain orthu lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas. Is i gcomhar le chéile a dhéanfaidh an tAontas Eorpach gona Bhallstáit na Treoirlínte i ndáil leis an Neamh-idirdhealú a oibríochtú go héifeachtach. Tacóidh an Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM) leis an gcur chun feidhme agus cuirfidh sí meithleacha eile de chuid na Comhairle san áireamh, nuair is iomchuí. Tionólfar malartuithe rialta tuairimí maidir le cur chun feidhme agus athbhreithniú na dtreoirlínte sin.